# Stair Chumann na Sagart*

Tomás Ó Fiaich

## I. Fréamhacha

Dhá thraidisiún, dar liom, a tháinig le chéile i mbunú Chumann na Sagart, nó Cumann na Sagart nGaedhaelach, mar a thugtaí air sa chéad sá dhá scór bliain dá shaol. An chéad traidisiún acu siúd an nós a bunaíodh ón bhliain 1895 ar aghaidh, nuair a bhí Coláiste Phádraig Maigh Nuad céad bliain d'aois, go dtigeadh na hiarmhic léinn i gcionn a chéile gach samhradh chun ceisteanna poiblí a bhí i mbéal an phobail a phlé. Chuir na cruinnithe bliantúla seo de Aontas Mhaigh Nuad gléas ar fáil do chléir na hÉireann ó thús an 20ú céad ar aghaidh a dtionchar a imirt ar bhonn Náisiúnta ar bhealach nach raibh acu san 19ú haois agus thosaigh siad ag dul i bhfeidhm ar thuairimí a chéile, á spreagadh, á ngríosadh, á mbeachtú, á ndaingniú, corruair á maolú agus corruair á ngéarú. Ba ghairid go mbíodh miondreamanna i measc na cléire a raibh spéis acu in ábhar faoi leith ag teacht le chéile i gcruinnithe speisialta ar ócáid an Aontais agus ar an dóigh sin a saolaíodh cumainn mar an *Catholic Record Society of Ireland* in 1912.

An dara traidisiún a chuaigh i dtionchar ar bhunú Chumann na Sagart ná an sciar fiúntach de theagasc Chonradh na Gaeilge a bhí ag dul i bhfeidhm ar an chléir Chaitliceach ó bhlianta deiridh an 19ú haois ar aghaidh. Níorbh é an Conradh, ar ndóigh, an chéad ghluaiseacht Ghaeilge a raibh baill

* Léacht céiliúrtha a tugadh i Maigh Nuad 15 Bealtaine 1987.

aonaránacha den chléir sáite inti. Bhí corrscoláire ina measc páirteach san *Archaeological Society* agus sa *Celtic Society* i lár an 19ú haois. Bhí an t-Ardeaspag Mac Éil ag aistriú téaxanna – *An Iliad* agus *Moore's Melodies* – agus níos mó den dúthracht ná de fhéith na filíochta taobh thiar dá iarrachtaí. Bhí an tAth. Uilleog de Búrca, ollamh i gColáiste Iarlatha i dTuaim agus sagart paróiste Chlár Clainne Mhuiris ar ball i mbun "Roinn na Gaeilge" sa *Nation* agus níos déanaí sa *Tuam News*. Nuair a bunaíodh Cumann Buan-Chosanta na Gaeilge in 1887, cuireadh faoi choimirce Mhic Éil é, agus bhí baint mhór ag de Búrca leis an leabhar teagaisc a chuir an cumann amach. Nuair a tháinig scoilt sa chumann sin agus gur shíolraigh Aontacht na Gaeilge as in 1880, bhí de Búrca ina chrann taca láidir ag an eagraíocht nua, go háirithe tar éis bhunú *Irisleabhar na Gaedhilge* in 1882. Sagart eile a bhí ina rúnaí ar an dá chumann i dtús a ré, an tAth. Ó Nualláin, Cairmilíteach. Agus chabhraigh cúpla Íosánach eile, an tAth. Seán Ó Cearbhaill agus an tAth. Éamonn Ó hÓgáin (údar an *Onomasticon*) leis an obair.

Nuair a tháinig dream beag le chéile i Sr. Uí Chonaill, Baile Átha Cliath, in 1893 chun Conradh na Gaeilge a bhunú, bhí sagart amháin ina measc, an tAth. Liam Ó hAodáin de Chumann Íosa. Bhí an tAth. Eoghan Ó Gramhna thar sáile san am, an sagart óg a ceapadh ina ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad dhá bhliain roimhe sin, agus a bhí ina eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaeilge* san am céanna. In alt misniúil a foilsíodh san *Irish Ecclesiastical Record*, Samhain 1890, léirigh sé go raibh géarghá lena thuilleadh sagart a chuirfeadh suim sa teanga. Tar éis liosta fada de scoláirí Gaeilge ó Jubainville go Thurneysen a lua, scríobh se:

> All these are foreigners and nearly all Catholic....if we search among Irish Catholics, we find no laymen of eminence...Then in the clergy we shall meet with very few scholars. There are eight or nine in the regular orders. The secular clergy are

> represented by Dr. McCarthy, and one or two others rarely, and by a handful of younger priests, willing, it may be, and earnest, but without influence and opportunities.

Scríobh Eoin Mac Néill alt den chineál céanna san *Irish Ecclesiastical Record*, Nollaig 1891, inar dhúirt sé go soiléir go bhféadfadh an chléir an Ghaeilge a shábháil nó a mharbhadh:

> To one even partially conversant with the facts of the case, it must seem a truism to say that the future of the Irish Language is almost wholly in the hands of the clergy...there is no other body and there are no other individuals in possession of any such influence.

Ba é Cuallacht Cholm Cille a bunaíodh i measc mhic léinn Mhaigh Nuad in 1898 an chéad ghléas a cuireadh ar fáil chun soiscéal na Gaeilge a theagasc go forleathan agus go leanúnach i measc na cléire óige. Faoin am sin bhí Eoghan Ó Gramhna ar leaba an bháis in Arizona – fuair se bás an bhliain ina dhiaidh sin – ach lean a chomharba Micheál Ó hIcí den soiscéal céanna i dtús na fichiú haoise. Ba ghairid go raibh glúin nua de shagairt óga á n-ullmhú i Maigh Nuad agus séala na Cuallachta ar a n-éadan. Bhí siad ag teacht faoi thionchar Uí Ghramhna fiú amháin tar éis bháis dó, mar tugadh a chorp ar ais go Maigh Nuad i 1903; nuair a bhí Dubhghlas de hÍde sna Stáit Aontaithe in 1905-6, thug sé an áit is Gaelaí in Éirinn" ar an choláiste.

Feictear dom go minic gurbh í an ghlúin sagart a tháinig as Maigh Nuad sna blianta roimh an chéad Chogadh Domhanda an ghlúin ba Ghealaí agus ba shaibhre tírghrá agus ba thorthúla saothar ar son a bpobail féin agus na náisiúin thar lear dár shíolraigh as Maigh Nuad riamh anall. Ina measc bhí an tAth Dónall Ó Tuathail ó Dhún agus Coinnire, an té a chuir eagar ar Tóraidheacht na bhFiréun ar lorg Chríost, an tAth. Lorcán Ó Muirí ó Ard Mhacha, Bunaitheoir Choláiste Rann na Feirste, *An tUltach* agus Comhaltas Uladh, an tAth. Tomás Ó Ceallaigh ó Ail Finn, an chéad duine a thug faoi *Opera* a chumadh i nGaeilge, an tAth. Pól Breathnach, staraí agus ollamh, an tAth.

Liam Ó Fearghusa ó Chiarraí, crann taca agus athbhunaitheoir Chumann na Sagart sna tríochaidí, agus liosta fada cléire a bhí iontach saothrach i gcúrsaí Gaeilge ar ball – Tomás Burbage (Cill Dara), Riobard Fullerton agus Séamus Mac Leanacháin (Dún agus Coinnire), Micheál Mac Cearbhaill agus Con Mac a' Bhaird (Clochar), Pádraig Mac Giolla Cearra (Ráth Bhoth), Peadar Mag Loingsigh agus Uaitear Ó hÉigeartaigh (Doire), Máirtín Ó Dónaill (Tuaim), Máirtín Ó Riain (Fearna), Tomás Ó Muircheartaigh (Ciarraí), agus go leor eile. Leis an tréimhse chéanna, ar ndóigh, a bhain na sagairt a bhunaigh Misinéirí N. Columbáin.

Feiceann tú an Ghaeilge ag sleamhnú isteach i ngnáthchúrsaí an Choláiste nuair a bhí na sagairt sin ina mic léinn ann – an Paidrín Páirteach i nGaeilge gach oíche ó thús an chéid; léitheoireacht Ghaeilge ag an suipéar gach oíche ó 1906 ar aghaidh; ainmneacha na sagart óg in airde ar a gcuid pictiúr ar na ballaí i nGaeilge, ón bhliain 1909 amach. Sa bhliain 1906 thug an Dr. Risteard de Hindeberg an chéad léacht i nGaeilge faoi choimirce Aontas Mhaigh Nuad ag a gcruinniú bliantúil i mí Meithimh ("Teagasc Trí Ghaeilge") agus d'fhás an nós as sin amach go mbíodh léacht Gaeilge amháin i gcónaí ar lá an Aontais. Seo iad na cainteoirí: 1907, Tomás Ó Ceallaigh, *An Sagart agus An Saol nua in Éirinn*; 1908, Seán Ó Cuinneagáin, *Oileán Toraigh*; 1909 Canon Macken, *An Ghaeilge i gCúige Connachta*; 1910 An tAth. Peadar Ó Laoire, *Athbheochan na Gaeilge*; 1911 Pól Breathnach, *An Ghaeilge sna Scoileanna*; 1912 Aindrias Ó Céilleachair, *Féinriail ag Éirinn*; 1913 Cathaoir Ó Braonáin, *An Béarla agus an Creideamh in Éirinn.*

## II. Búní agus Fás

I Meitheamh 1914 léigh an tAth. Gearóid Ó Nualláin, ollamh nua na Gaeilge, a tháinig i gcomharbas ar Ó hIcí, nuair

a briseadh as a phost é agus uncail Myles na gCopaleen agus Chiaráin, eagarthóir *Inniu*, páipéar Gaeilge ag tionól an Aontais dar teideal: “Dualgas na Cléire i ngnó na Gaedhilge”. Chuir sé i gcuimhne don chléir a bhí ag éisteacht leis go raibh an creideamh agus an teanga fite fuaite ina chéile san am a bhí imithe, agus mhol sé dá lucht éisteachta cumann speisialta a bhunú don chléir Ghaelach. “Is mó cuallacht ann cheana”, ar seisean, “chum cosanta na Gaedhlige ar náimhdibh na tíre. Ach dá mhéid é ní leor é. Tá gádh le tuille. Go mór-mhór tá gádh le cuallacht fé leith ná beadh inti ach sagairt; sagairt a chuirfeadh suim sa nGaedhilg, agus go mbeadh an Ghaedhilg aca, nó aidhm aca, ar í a bheith aca; sagairt a thuigfeadh an dlúth-cheangal atá idir an Ghaedhilg agus an creideamh agus a dhéanfadh a ndícheall chun an cheangail sin a choimeád agus do bhuanughadh”.

Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach níor glacadh an chéad chéim eile ar an ócáid sin, ach ag cruinniú an Aontais i 1915, nuair a léigh an tAth. Séamus Mac Leanacháin as Béal Feirste páipéar a bhí mórán ar an téad chéanna. Tar éis an cheist a chíoradh athuair, toghadh coiste sealadach le dul i mbun oibre. Tháinig an coiste seo le chéile i mBaile Átha Cliath lá Fhéile Bríde 1916 agus shocraigh siad go ngairmfí an chéad chruinniú ginearálta de “Cumann na Sagart nGaedhealach” i Maigh Nuad ar lá an Aontais mí Meithimh ina dhiaidh sin. Iarradh ar an tAth. ar an Ath. Tomás de Bhál as Fairche Luimní léacht a thabhairt ar an ócáid sin ar ghluaiseachtaí teangtha i dtíortha éagsúla ar Mhór-Roinn na hEorpa.

Faoin am a tháinig an cruinniú sin le chéile bhí Éíre múscailte as a suan ag íobairtí na Cásca. Bhí an Ginearál Maxwell i ndiaidh iarraidh ar an Dr. Ó Duibhir, Easpag Luimní, pionós a ghearradh ar bheirt shagart dá chuid a bhí ró-chabhrach leis na hÓglaigh, rud a thuill freagra do Maxwell nach raibh sé ag súil leis agus ionsaí géar ón Easpag ar

pholasaí Shasana in Éirinn. Agus b'eol don chléir a tháinig chuig an chruinniú go raibh an léachtaí, an tAth. de Bhál ar dhuine de bheirt shagart a tharraing fearg Maxwell orthu féin.

Caint léannta a thug an tAth. de Bhál do chruinniú tionscnaimh Chumann na Sagart nGaedhealach. Labhair sé faoi na hiarrachtaí a rinneadh chun teacht i gcabhair ar an Phléimeannais a shaibhriú agus a neartú, ní amháin mar chosaint ar an náisiún ach mar scrín ar an Chreideamh. Ba léir gur theastaigh uaidh go ndéanfadh an cumann nua an rud céanna in Éirinn.

Nuair a bhí an léacht thart cuireadh Cumann na Sagart nGaedhealach ar bun go hoifigiúil. Toghadh an tAth. Tomás de Bhál féin mar chéad uachtarán, an tAth. Séamus Mac Leanacháin as Dún agus Coinnire mar chéad rúnaí náisiúnta agus an tAth. Pádraig Ó Conaill as fairche na Mí mar chisteoir. Bhí ionadaí ó gach fairche le bheith ar an choiste náisiúnta, sin timpeall 30 ar fad, ach mar a fheicimid ar ball, d'fhan a bhformhór ar pháipéar amháin.

Sagairt ildánach a bhí sna chéad oifigigh sin ar Chumann na Sagart nGaedhealach. Bhain an tAth. de Bhál dochtúireacht amach san fhealsúnacht. Chaith sé blianta fada ina shagart cúnta i mDruim Collchoille agus ansin i bhFaing, agus beagnach scór go leith bliain i ndeireadh a shaoil ina shagart paróiste agus ina Chanónach i mBaile an Gharrdha. Ansin bhí sé nuair a fuair se bás i mí Feabhra 1956. Níor bhuail mé leis ach uair amháin – sa bhliain 1945 – nuair a d'éirigh liom dul chuig an Oireachtas, cé go raibh mé i mo mhac léinn anseo san am. Fear ard séimh caoinghlórach a bhí ann, agus chaith sé cuid mhór den oíche sin i gcuideachta Uachtarán nua na hÉireann san am, Seán T. Ó Ceallaigh. Bliain is fiche ina dhiaidh sin agus deich mbliain i ndiaidh a bháis bhronn a chairde de phribhléid orm an leacht a bhí tógtha acu in ómós dó ar Áras Íde i bhFaing a nochtadh.

Casadh an chéad chisteoir - Pádraig Ó Conaill – orm uair amháin fosta. Tar éis beagán bliain a chaitheamh ina mhúinteoir i gColáiste Fhionáin, An Muileann gCearr, chuaigh sé isteach in Ord nua N. Columbáin agus chaith tamall de bhlianta ag teagasc i bPáirc Dealgan. Tar éis tréimhse thar lear d'fhill sé ar Éirinn agus chaith blianta deiridh a shaoil ag foilsiú leabhraí mór léannta ar an éabhlóid. D'éag sé ina sheanóir i Nebraska, 31 Bealtaine 1971. Níor bhuail mé riamh leis an chéad rúnaí, Séamus Mac Leanacháin, cé go raibh aithne mhaith agam ar a dheartháir Seoirse. Chaith Séamus fiche bliain i gColáiste Maolmhaodhóg, Béal Feirste, agus na blianta deiridh mar S.P., Mgr. agus V.G. i nDún agus Coinnire. D'éag sé i mí na Samhna 1940.

Ag cruinniú den choiste i mBaile Átha Cliath ar an 3 Eanáir 1917 ceapadh bunreacht don chumann nua agus glacadh leis ag ollchruinniú an Chumainn in oifigí Chonradh na Gaeilge, 25 Cearnóg Pharnaill, Baile Átha Cliath, ar an 20ú Meitheamh 1917. Dhá saghas comhalta a bheadh sa chumann de réir an Bhunreachta: (1) Sagairt a bhí in ann gnó an chreidimh a dhéanamh trí Ghaeilge agus (2) Sagairt a bhí toilteanach cabhrú le hobair an Chumainn. Cúig scilling an síntiús bliana agus choinnigh an chraobh áitiúil a leath. Bhí coiste an-mhór le roghnú – leasuachtarán as gach cúige, sagart as gach fairche agus gach ord, 4 as Maigh Nuad agus 4 as Baile Átha Cliath agus 6 comhthoighte, sin timpeall 60 ar fad.

Is beag a chualathas faoin chumann ar feadh bliana ina dhiaidh sin. "Caithfidh an cumann teacht amach as an dorchadas", a scríobh sagart ar *The Leader*, 17 Lúnasa 1918. Chonacthas do na baill gurbh é an bealach a b'éifeachtaí le teacht amach as an dorchadas ná tréimhseachán dá gcuid féin a fhoilsiú.

## III. "An Síoladóir"

I mí Iúil 1920 foilsíodh an chéad uimhir de ráitheachán nua an Chumainn, *An Síoladóir*, ar 2/6 chóip. Bhí litreacha molta agus tacaíochta ó sheisear den Chliarlathas i gcló sa dara huimhir, an t-iomlán acu i mBéarla. Scríobh an Cairdinéal Ó Maolmhaodhóg: I have no doubt it would contribute largely to the spread and use of the language, especially in Irish-speaking districts." Ach aisteach go leor, is i mBéarla a scríobh sé, cé gur ar imeall na Gaeltachta i dTír Chonaill a tógadh é agus go mbíodh sé ina mhúinteoir Gaeilge i Maigh Nuad. I mBéarla a scríobh an tEaspag Mag Ruairí chomh maith, Cairdinéal níos déanaí. Ní hiontas liom sin, mar ní raibh ach beagán abairtí i nGaeilge aige, cé go raibh sé iontach báiúil leis an teanga mar a chonaic mé féin go minic le linn m'óige. Teachtaireacht mhisnigh a sheol sé

> It borders on the heroic to attempt to start a magazine at the present, when the cost of paper and labour is so great; but as against this, thank God, you have at your back a national spirit that has risen far more in the last four or five years that even the cost of printing.

An tAth. Risteárd Pléimionn, sagart cúnta i Rae an Iarthair san am, a bhí mar eagarthóir ar *An Síoladóir*. Is cuimhin liom go maith sna daicheadaí é nuair a bhí sé ina shagart paróiste i Ráth Maonais. Fear righin láidir é agus is minic é ag tromaíocht ar neamhshuim na cléire agus ar úsáid an Bhéarla ag sagairt sa Ghaeltacht. Tá nóta Béarla aige sa chéad uimhir, mar shampla;

> We have seen it stated by a writer in a provincial paper that in many parishes (names given) with which he was acquainted there has not been a sermon in Irish for the past twenty years, though 90% of the people use the Irish language. The Cumann na Sagart must see to it that this state of affairs is ended.

Sin é a chéad uair, dálta an scéil, a chonaic mé tagairt do Chumann na Sagart (ní Cumann na Sagart nGaedhealach).

Luaigh an t-eagarthóir gur ceapadh an tAth. Mac Leanacháin ina uachtarán ar Choláiste Maolmhaodhóg, Béal Feirste, agus ar an ábhar sin go raibh air éirí as bheith ina rúnaí, agus thug sé ardmholadh dó: “We venture to say that there would be no Cumann na Sagart nGaedhealach in existence ... but for his strenuous and unremitting labours”.

D’fhág an t-athrú sin uachtarán agus rúnaí nua ar an Chumann – Risteard Pléimionn mar uachtarán chomh maith le bheith ina eagarthóir ar *An Síoladóir* agus Uaitéar Mac Dónaill, sagart eile de chuid Bhaile Átha Cliath, ina rúnaí. Tugadh moladh ar leith do na fairchí, Tuaim agus Dún is Coinnire. Agus i measc na síntiúsóir in uimhir na Nollag feiceann tú ainm Eric Mhic Fhinn, laoch eile de chuid an chumainn atá beo go fóill agus é timpeall nócha bliain d’aois. Sa chéad uimhir eile a d’fhoilsigh sé a chéad alt ins *An Síoladói*r faoi *Navigatio Sti Brendani*; bhí sé ag scríobh ins *An Sagart* níos mó ná caoga bliain ina dhiaidh sin, fad dílseachta nach sárófar go deo.

A fhad is mhair *An Síoladóir* níl deacracht ar bith againn a dhéanamh amach cad iad na fairchí a bhí gníomhach i gCumainn na Sagart agus na fairchí a bhí ina dtost. Seachas Fearna, Tuaim agus Dún is Coinnire, bhí Baile Átha Cliath, Ciarraí, Port Láirge, Luimneach, Caiseal agus Ros go maith. Fógraíodh in uimhir an Fhómhair 1921 go raibh craobh nua á cur ar bun i bhfairche Dhoire agus níos mó ná tríocha ball ann, agus craobh curtha ar bun i gCill Dara faoi stiúrú an tAth. Liam Miller. “Le teacht na síochána”, a deir an t-eagarthóir, “beimid ag súil le craobh den chumann i ngach fairche”.

In uimhir na Nollag 1921 a sroiseadh barr buaiche an Chumainn ina ré tosaigh, dar liom. Bhí an Dr. Éamon Ó Broin tar éis teacht i gcomharbas ar an Dr. Liam Breathnach mar Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh an dileagra ón chléir agus ó Chomhairle na cathrach don Ardeaspag nua agus a fhreagra i ngach cás. I nGaeilge amháin a bhí na cáipéisí ar

fad. Bhí cuntas ar chruinniú cinn bhliana an Chumainn ar an 20ú Deireadh Fómhair 1921. Chuaigh an tEaspag Ó Dónaill i gceannas an chruinnithe; bhí timpeall 20 sagart i láthair, a mbunús ó Bhaile Átha Cliath; ach ba é an nuacht a b'fhearr a chuala siad go raibh méadú mór tagtha ar bhallraíocht an chumainn ó 240 i 1920 go dtí 407 i 1921. Seachas na deoisí atá luaite agam cheana, bhí Ard Achaidh tar éis teacht ar aghaidh go tapa chun bheith ar an deoise ba láidre i gCúige Ard Mhacha agus bhí bogadh éigin i gCorcaigh. Ach go fóill féin ní raibh ach sé chraobh áitiúil gníomhach sa tír – Tuaim, Fearna, Dún agus Coinnire (na seanchinn), agus Cill Dara, Doire agus Baile Átha Cliath (na cinn nua). Comhaltaí aonaránacha a bhí sna fairchí eile, gan craobh áitiúil ag obair iontu. Mhair an laige sin san Chumann anuas go dtí an lá inniu. Ach bhí an tUachtarán ag súil go mbeadh méadú mór feasta de bhrí go raibh an tsíocháin i réim athuair.

## IV. Meath agus Athfhás

Ba bheag a chiall, fáraor. Is é an chéad uimhir eile de *An Síoladóir* an ceann deireanach. An naoú huimhir atá ann, tús leis an tríú bliain agus Samhradh 1922 marcáilte air. Ach ní dócha go dtáinig sé amach go dtí i bhfad ina dhiaidh sin. Faoi shamhradh 1922 bhí Cogadh na mBráthar faoi lánseol agus is é an 3ú Samhain 1922 atá ar an *Imprimi Potest.* Ón am sin amach bhí *An Síoladóir* marbh, agus níor mhair an cumann i bhfad ina dhiaidh.

Is beag a chualathas ó Chumann na Sagart nGaedhealach ina dhiaidh sin ar feadh corradh le deich mbliain. Bhuail an cogadh Cathardha buille uafásach ar ghluaiseacht na Gaeilge i gcoitinne agus thit na scórtha craobh de Chonradh na Gaeilge as a chéile i 1922 agus 1923. Bhí an scéal céanna le hinsint faoin Ghaeilge i Maigh Nuad. Má amharcann tú ar

*Irishleabhar Muighe Nuadhat* 1924, castar tagairt ort go tapa don lagthrá a bhí tagtha i réim sa choláiste:

> Is léir go bhfuil meath tagaithe ar an spiorad sa dóigh seo. Ní hé sin amháin, ach is beag ná go bhfuil an spiorad imithe ar fad. An neamhshuim do cuireadh ar siubhal in Éirinn uilig beagnach, bhí sí fós i mbun na failllighe i Maigh Nuadhat.

Mhair an suan sin sa chuid is mó den tír ar feadh cúig bhliain déag go garbh, ó 1923 go 1938, ach léirigh cúpla fairche beocht éigin roimhe sin.

I Luimneach agus i gCiarraí a tháinig an athmhúscailt i dtús ama. D'fhág sé sin go raibh craobhacha ann ar feadh dornán blian de chumann nár athbhunaíodh ar bhonn náisiúnta go fóill. An tAth. Tomás de Bhál a d'atheagraigh an chraobh i Luimneach agus d'fhreastail 26 sagart ar an chruinniú tionscnaimh a ghairm sé in Óstán de Crúis i 1929. Ón bhliain sin ar aghaidh bhí dream sagart ag teacht le chéile i bhfairche Luimní go rialta agus ghlac siad de dhualgas orthu féin na paidreacha tar éis Aifrinn a rá i nGaeilge gach Domhnach, seanmóir Gaeilge a thabhairt lá Fhéile Pádraig ar a laghad agus iomainn Ghaeilge a bheith á gcanadh ag córacha faoina stiúir. Thionóiltí cruinniú ginearálta dhá uair sa bhliain, san Earrach nó san Fhómhar, agus bhíodh léacht nó dinnéar ann ar an ócáid sin. Bhíodh trí nó ceithre mhionchruinniú in aghaidh na bliana chomh maith, nuair a thigeadh dream beag sagart le chéile i dteach duine acu chun béile agus caidrimh trí Ghaeilge. Measaim gurbh í an scéim scoláireachtaí chun na Gaeltachta do ábhair sagairt a bhunaigh craobh Luimní i 1946 an tionscnamh ba mhó rath a chuir an chraobh i gcrích. I mBaile na nGall a bhaineadh siad fúthu i dtús ama, ach ón uair a tógadh Brú na Gráige, thosaigh siad ag dul siar ansin in éineacht le slua an tAth. Tadhg Ó Murchú. D'fhán an tAth. de Bhál ina uachtarán ar Chraobh Luimní go dtí 1950.

Deir muintir Chiarraí liom nach fada a bhí siad chun deiridh ar Luimneach in athbhunú an Chumainn – mar sin féin, ní

dóigh liom gur tionóladh an cruinniú athbheochana i dTrá Lí go dtí Meán Fhómhair 1936. Beirt shagart a ba chiontach leis an athbheochan ní amháin i bhfairche Chiarraí ach ar fud na tíre ar ball: An tAth. Roibeard Breathnach, S.P. Cnoc na gCaiseal, agus an tAth. Liam Ó Fearghusa, S.P. Béal Átha Longfoirt. Moladh le Dia go bhfuil an tAth. Breathnach beo beathaíoch agus i mbun a chúraim go fóill – gura fada buan i mbarr na sláinte é. Cheiliúraigh sé seasca bliain sagartachta anuraidh. Sílim go mba dheas an rud é teachtaireacht dea-mhéine a chur chuige ón chruinniú seo den chumann a d'athbhunaigh sé caoga bliain ó shin. Beidh áthas air a fháil amach nach bhfuil a chuimhne ligthe chun dearmaid tar éis an leithchéid.

Ba é an tAth. Liam Ó Fearghusa a toghadh ina uachtarán ar Chraobh Chiarraí agus mhair sé sa phost sin ar feadh corradh agus fiche bliain. Bhí cosúlacht mhór idir an clár bliantúil a chuireadh siad i gcrích i gCiarraí agus clár craoibhe Luimní, i.e. mórchruinniú uair nó dhó sa bhliain, san earrach agus san fhómhar, ag a leití páipéar agus díospóireacht ina dhiaidh; foilsíodh leabhrán den leagan caighdeánach de na gnáthphaidreacha do na scoileanna, agus bhronntaí deontais ar na hábhair sagart a bhíodh ag dul go Brú na Gráige. Fuair muintir Chiarraí amach go raibh craobh de Chumann na Sagart nGaedhealach beo i bhfairche amháin san Iarthar agus sa Tuaisceart agus dá bhrí sin lorg an tAth. Ó Fearghusa cead ar Rúnaí Aontas Mhaigh Nuad, an Dr. Micheál de Brún, ceist cónasctha eatarthu a thógáil ag an chéad chruinniú eile den Aontas.

Sin mar a bhí an scéal nuair a tháinig Aontas Mhaigh Nuad le chéile sa Choláiste 22ú Meitheamh 1937. Léigh an tAth. Micheál Ó Murchada as Baile Átha Cliath páipéar fada i nGaeilge dar teideal "Fás an Dráma in Éirinn", agus Dr. Pádraig de Brún sa chathaoir don ócáid. Nuair a bhí ábhar an

pháipéir cíortha ag an lucht éisteachta, mhol an tAth. Liam Ó Fearghusa na craobhacha áitiúla den chléir Ghaelach a cheangal le chéile. "Buíochas le Dia", ar seisean, "tá Cumann na Sagart nGaolach ar siúl cheana féin agus na hEaspaig ina bpátrúnaibh aige i Luimneach, in Ailfionn, i nDún is Coinnire, i gCiarraí agus b'fhéidir i bhfaircheacha eile nach eol dom. Ba mhaith an ní a leithéid de chumann do bheith ins gach uile fhairche in Éirinn agus dar liomsa sé an tslí is fearr chun é sin do dhéanamh ná comhairle náisiúnta Chumainn an Sagairt nGaolach do chur ar bun ar nós na Comhairle Náisiúnta de Chuallacht an Athar Maitiú....Da bhrí sin molaim mar rún don chruinniú seo comhairle náisiúnta Chumainn na Sagart nGaolach do chur ar bhun, nó d'aithbheochaint, mar cuireadh ar bun anso cheana féin, tá fiche bliain ó shin".

Chuidigh an tAth. Séamus Mac Leanacháin as Dún is Coinnire leis an rún, an sagart céanna a bhí mar chéad rúnaí ar an tseanchumann scór bliain roimhe sin, agus glacadh leis d'aon ghuth. Ansin toghadh coiste sealadach mar leanas:

*Uachtarán:* An Dr. Pádraig de Brún, Maigh Nuad

*Ceathrar Leasuachtarán:* Séamus Mac Leanacháin (C. Ard Mhacha), Micheál Ó Murchadha (C. Bhaile Átha Cliath), Pádraig Ó Néill ó Luimneach (C. Mumhan), Tomás Ó Mathúna ó Ailfionn (C. Connacht)

*Rúnaí-Cisteoir*: Liam Ó Fearghusa ó Chiarraí

Nuair a tháinig an coiste le chéile i ndiaidh scaipeadh an tslua, leag siad amach an Bunreacht nua. Fágadh cuspóir an chumainn an-leathan:

> "An Ghaedhilg do chur chun cinn chomh maith agus is féidir é i gcúrsaí creidimh is eile. Ní mór do gach craoibh riaghalacha fé leith do dhéanamh i gcomhair a comhaltaí féin san rud seo."

Ceanglaíodh ar gach craobh dhá scilling ar son gach comhalta a dhíol leis an Chomhairle Náisiúnta mar shíntiús bliana agus clár oiriúnach a sholáthar do na baill. Ní cóir aon

teanga ach Gaeilge a bheith ar siúl ag na cruinnithe. "Na heaspaig go léir atá toilteanach, bheadh siad ina bpátrúnaibh ag an gCumann".

I bhfómhar na bliana sin scríobhadh chuig na heaspaig ag lorg a bpátrúnachta agus thoiligh duine is fiche as ochtar easpag is fiche bheith ina bpatrúin. An rud is mó a thugann tú faoi deara faoi na litreacha a tháinig ar ais uathu, gur i nGaeilge a bhí siad ar fad, murab ionann agus litreacha 1920. Is fiú cúpla ceann acu a léamh:

> *An Cairdinéal Mac Ruairí:* Mar fhreagra don litir uait a tháinig indé, is maith lena Shoilse a rá leat ná saoileann (sé) go bhfuil sé oireamhnach dó bheith ina phatrún ag Cumann na Sagart nGaedhealach agus gan aon Ghaoluinn aige féin. Ach óir iarrann tú air é, tá sé toilteanach le bheith 'na Phatrún
>
> *S. Ó Donnghaile*, Rún.

*An Dr. Pádraig Ó Cathasaigh* Easpag Rois (Ros Ailithir):

Ag tagairt don gCumann úd – is bréan liom an focal úd "Patron". Tá baladh gallda as agus go deimhin níl ann ach cúis gháire agus mhagaidh, fé mar a chidhtear sa pháipéar gur dhein "Colonel" den "Duchess of York".

Cad chuige na patrúin? Cad is gádh leo? Cad is ceaptha dhóibh le déanamh?

Ní mian liom bheith am' cheap mhagaidh d'éinne agus dá brigh sin, ná déantar pátrún díom.

Is maith an rud é an Cumann agus tá súil agam go n-éireochaidh leis, ach gan bac le pátrúiní

*Tuaim (an dá Ghualainn):*

Chuir mé an cheist úd faoi Chumann na Sagart nGaedhaelach faoi bhrághaid an Ard Easbuig, ach ní raibh sé sásta cead a thabhairt dom craobh a bhunughadh gan cóip den bhunreacht a fháil uait i dtosach.

Sagart a bhí i láthair ag an chéad chruinniú eile, dúirt se sé liom gur léigh an tAth. Ó Fearghusa an freagra sin amach ós ard agus ansin gur dhúirt sé “Maise, ní Tadhg an dá thaobh go Tuaim an dá Ghualainn”.

## V. An Chléir

Ó tharla an cumann ar a bhonnaí athuair socraíodh go gcuirfí iris bhliantúil amach, agus foilsíodh an chéad uimhir de *An Chléir* i ndeireadh 1938. Is iontach an fhoinse eolais í ar imeachtaí Chumann na Sagart sna tríochaidí, agus de bhrí go bhfuil séala an tAth. Uí Fhearghusa ar gach leathanach, tá sé an-ionraice, an-oscailte agus in áiteanna an-ghreannmhar. Tugann sé cuntas ar imeachtaí agus ar bhallraíocht an chumainn ó fhairche go fairche, agus ar an chruinniú bliantúil san Aula i Maigh Nuad, 21 Meitheamh 1938. Is beag nár ceadaíodh don chumann an cruinniú seo a thionól ann ar chor ar bith mar bhí eagla ar lucht an Aontais go raibh saghas “Take-over” ar chruinniú Gaeilge an Aontais ar siúl ag an chumann. Dá bhrí sin scríobh rúnaí an Aontais: “níorbh fholáir cathaoirleach nuadh do thoghadh, nó, ar an gcuid is lugha dhe, an cathaoirleach céadna ach é bheith *formaliter distinctus”*. Fág faoi lucht an dlí chanónda é; Pádraig Ó Néill, an Leasuachtarán agus Easpag Luimní ar ball a scríobh an méid sin. Eisean a léigh páipéar Gaeilge an Aontais ar “Cosg na hOibre ar an nDomhnach”; nuair a bhí an díospóireacht ar an pháipéar thart, d’fhág an léachtaí mar aon leis an chathaoirleach, an tOllamh Ó Fallúin, an stáitse agus chuaigh an Dr. Pádraig de Brún agus an tAth. Ó Fearghusa i gceannas. Deir sé go raibh cúpla céad sagart i láthair. Más cruinn an comhaireamh sin, caithfidh sé gurbh é sin an tionól ba mhó dá raibh ag Cumann na Sagart riamh. Bhí suas le 150 sagart i láthair ag cruinniú bliantúil 1959 nuair a bhí an tUachtarán Éamon de Valera mar aoi onórach againn, agus sin an slua is mó dá bhfaca mé le mo linn féin.

Tosaíonn an rúnaí a chuntas ar an chruinniú le faoistin:

> "I dtosach na hoibre do dhein an tArdrúnaí botún mór. Bhí leathanaigh an Chláir Oibre ... greamuighthe le chéile aige le biorán. Do thug sé do chúpla leanbh scoile iad chun cóip eile do dhéanamh díobh ... nuair a bhí a gcuid oibre críochnaithe aca, ní le chéile ach tré chéile a cuireadh iad…."

Nochtann an rúnaí go raibh craobh den chumann buanaithe anois in 18 deoisí as 27 cinn in Éirinn, i.e. dhá thrian. Ní raibh craobh ar bith i gClochar ná i nDoire sa Tuaisceart, rud is aisteach liom mar bhí a lán Gaeilgeoirí sa dá fhairche san am (ach is cosúil gur breoiteacht an rúnaí áitiúil a ba chiontaí): ní raibh craobh i bhFearna, Osraí, Cill Da Lua, Port Láirge, Ros, Tuaim ná Cill Ala. Maidir leis na hOird, mhaígh an rúnaí go raibh craobh bunaithe in dhá dtrian acu mar an gcéanna.

Fágadh an cathaoirleach agus an rúnaí mar a bhí siad, ach cuireadh an tAth. Séamus Ó Briain ó Chill Dara ar an choiste mar ionadaí ó Chúige Laighean agus ár seanchara an tAth. Tomás de Bhál, mar ionadaí ó Chúige Mumhan. Toghadh an tAth. Seán Mac Guaire, C.SS.R., an tAth. Aibhistín Ó Murchadha, C.M., agus an tAth. Mártan Ó Mathghamhna, C.S.Sp. mar theachtaí ó na hOird.

Tá cuid de na cuntais ó na craobhacha áitiúla barúil go maith:

*Ó Dhroim Mór:*

> "Níl Rúnaidhe ar bith ag an Easbog ach thug an tEaspog féin do litreacha damh-sa tamaill maith ó shoin. Go dtí sin níor chualaidh sinn i nDruim Mhór a dhath fá thaobh de 'Cumann na Sagart nGaedhealach'. Níl craobh againn go fóill, ach mar "is leor sagart amháin mar chraobh". Cuirfidh mise agus an tAth. Tomás Ó Cearbhaill... tús ar an obair…"

*Ó Phort Láirge*

> "Is oth liom a rádh...gur theip orm an chraobh a bhunughadh. Dream do-bhogtha na sagairt seo againne."

Sa chuntas ó Chiarraí tá cur síos ar stair na craoibhe ó athbhunaíodh i 1936 í ag an dinnéar i dTrá Lí.

> "Ag an ndinnéar bhí an clár bídh i mBéarla agus chuir comhalta 'na choinnibh. Do mhol sé don chruinniú gan an dinnéar do chaitheamh in aon chor mar gheall ar an bhfailllighe seo, ach níor chualathas é. Bhí an chuid eile ró-gnóthach". (Is dócha, dálta N. Eoin ag cur síos air féin ina Shoiscéal féin, gurbh é an tAth. Ó Fearghusa féin a thóg an cheist).

Tá cur síos ann ar chomórtas spéisiúil i measc na cléire in i gCiarraí i 1938:

> "Ag an stáisiúin generálta indiu in Eadarghobhail bhí comórtas idir an Ath. Cathal Ó Súilleabháin agus sagart eile, san leabhar, 'An tOileánach'. Is iongantach an Gaedheal an Ath. Cathal agus 64 blianta d'aois aige…..tá 'An tOileánach' léighte aige anois dhá uair déag! Tá an sagart eile ag imirt leis an nGaoluinn ...le dachad bliadhain nach mór, ach ní raibh 'An tOileánach' léighte aige ach dhá uair…..ochtar sagart i láthair……'na suidhe ar stól fada in aice le cruaich mhóna.
>
> Tugadh tosach don tarna sagart....agus do chuaidh an tAth. Cathal ar chúl na cruaiche. Dubhairt an scrúdaightheoir: 'foscail leathnach a 114, léigh agus aistrigh an mhír dheiridh….ina haistriú dhó do chúl sé ón chéad abairt……Annsan do ghlaodhadh an Ath Cathal ón taobh eile den chruaich. Do léigh sé agus d'aistrigh an mhír uile gan stad gan bharrathuisleadh. Do thug an scrúdaighteoir a bhreitheamhntas….An tAth. Cathal, 96 fé chéad, an sagart 95 fé chéad. Bualadh bas. Comhghairdeachas leis an Ath O Suilleabháin. An Sagart eile go gruamdha. Brat." [Bhí saol simplí ag an chléir san aimsir sin.]

*Litir ó Chaiseal:*

> Ós rud é gur Rúnaidhne náisiúnta tusa, b'fhéidir go mbeadh comhacht agat stop do chur leis an scrios seo – Cumann na

> Sagart nGaolach. Nach ceart trí siollaí bheith sa bhfocal sin – mar Gaedhealach, agus nach mór an deifridheacht atá idir brigh an fhocail 'Gaolach' agus focal Gaedhealach. [Caithfidh gur lorg sé an focal Gaolach i bhfoclóir Uí Dhuinnín, 'Sweetheart' an chéad mhíniú a thugann sé.]

*Cuntas an Rúnaí náisiúnta ar Achadh Conaire:*

> 61 Sagart 3 comhalta – Liam Mac Philbín, Seán Breathnach agus sagart eile nach cuimhin liom a ainm.

Ar feadh m'eolais níor tháinig ach uimhir amháin eile de *An Chléir* amach (1939). Níl sí ionchurtha ó thaobh eolais nó spéisiúlachta le huimhir 1938; liostaí tura síntiúsóirí is mó atá ann. Faoin am sin bhí tús curtha leis an Dara Cogadh Domhanda, cuireadh cosc ar thaisteal na ngluaisteáin agus d'éirigh an páipéar gann.

Chuir na rudaí sin isteach go mór ar phleananna an Ath. Uí Fhearghusa, agus de réir a chéile dhírigh sé ar Chiarraí níos mó ná ar an chuid eile den tír. Lean sé ar aghaidh lena sheanmóireacht dhátheangach, lena chluichí nuachumtha agus le go leor bearta pearsanta eile go deireadh a shaoil. Bhí sé thar nócha bliain d'aois nuair a d'eag sé ar an 18ú Nollaig 1971, léiriú eile ar chomh "saolach" is a bhí seanfhundóirí Chumann na Sagart. Go dtuga Dia luach saothair síoraí dóibh go léir ar neamh.

Gan *An Chléir* mar fhoinse eolais, is doiligh bheith cinnte cé mhéad beochta a d'fhan ina lán de na craobhacha áitiúla sna daicheadaí. Bhí craobhacha mar Chiarraí, Cluain Fearta, etc. a sholáthraigh cúpla léacht in aghaidh na bliana i rith an chogaidh ar fad agus a lean ar aghaidh le clár spéisiúil trí na daicheadaí is na caogadaí. I gcás a lán craobhacha eile níor chiallaigh sé ach go ndeachaigh sagart thart le linn an Chúrsa Spioradálta agus gur bhailigh sé an síntiús bliana, cúig scillig b'fhéidir, ó roinnt dá chomhchléir a bhí báiúil leis an teanga.

Nuair a rinneadh an tOireachtas a athbheochan ó 1939 ar aghaidh, aistríodh cruinniú cinnbhliana Chumann na Sagart go haimsir an Oireachtais agus is mar sin a bhíodh sé nuair a chuir mé eolas pearsanta air. Rinne an tAth. Donnchadh Ó Floinn an-iarracht le brí nua a chur ann go luath sna daicheadaí agus an tAth. Aindrias Mac Aogáin, C.S.Sp. ina dhiaidh sin, ach bhí an cumann an-lag go luath sna caogadaí. Chun a léiriú daoibh caidé chomh lag is a bhí sé, ainmníodh mé féin mar rúnaí ar an chumann ag an Oireachtas 1953 gan mé a bheith i láthair ag an chruinniú agus tugadh mar dhualgas dom craobh a bhunú i bhfairche Átha Cliath gan aithne agam san am ach ar chúpla sagart ar fad i mBaile Átha Cliath. Níor tionóladh cruinniú ar bhith den choiste náisiúnta do dtí an chéad Oireachtas eile.

## VI. Le glúin anuas

Measaim gur don Ath. Eoghan Ó Fríghil as fairche Ráth Bhoth atá an chreidiúint ag dul go dtáinig an cumann slán ón bhás an uair úd. Ceapadh ina rúnaí i 1954 é faoi uachtaránacht an Ath. Mhic Aogáin, agus le litreacha agus cuirthí, agus léacht ón Dr. Seán Mac Cárthaigh mar mhealladh breise, d'éirigh leis cruinniú bliantúil breá láidir a thionól le linn Oireachtas 1955. Nuair a bhí an léacht thart, cuireadh m'ainm chun tosaigh mar ábhar uachtaráin agus tar éis vótála fuair mé mé féin sa chathaoir.

Níl sé ar intinn agam cuntas a thabhairt daoibh inniu ar stair an chumainn le linn an dosaen bliain a bhí mé mar uachtarán air. Bhí sé d'ádh orm beirt sár-rúnaí a bheith agam sa tréimhse sin, an tAth. Eoghan Ó Frighíl (Ráth Bhoth) agus an tAth. Caoimhín de Líon (Baile Átha Cliath). Ceann de na chéad rudaí a rinneamar ainm oifigiúil an chumainn a athrú go Cumann na Sagart agus an "Gaelach" a fhágáil ar lár. Throid cuid se na seanfhundúirí go fíochmhar in aghaidh an athraithe. Mhaígh an tAth. Mac Giolla Ír, O.M.I. go gcaithfeadh gach

cumann a léiriú cén cuspóir a bhí roimhe. Ansin scairt Proinsiasach ó chúl an halla: “Cad faoi Chumann na mBan?” agus thit an tóin as an argóint le rabharta gáirí.

Cuireadh tús le cúrsa samhraidh do shagairt agus do ábhair sagairt sa Ghaeltacht agus d’fhreastal a lán ar an chúrsa i Ros Goill agus sa Cheathrú Rua i ndeireadh na gcaogaidí agus i dtús na seascaidí. Bunaíodh *An Sagart* mar iris nua an Chumainn in earrach na bliana 1958 agus an tAth. Colmán Ó Huallacháin mar príomhoibrí air. Beidh sé tríocha bliain d’aois ag deireadh na bliana seo, agus seachas cúpla uimhir dhúbailte tháinig sé amach gach tráithe ó shin – beagnach 120 uimhreacha.

Tar éis Bhliain Phádraig in 1961 bunaíodh Comórtas Ghlór na nGael in 1962 agus le linn a chúig bhliain fichead atá sé beo níl amhras orm nó go ndearna sé níos mó ná aon scéim eile lena linn sin chun an Ghaeilge a tharraingt amach ar na sráideanna, isteach sna siopaí, suas ar na cuaillí fógraíochta agus isteach i ngach áit eile ina mbíonn saol na mbailtí ag dul ar aghaidh. Mar a mhaíonn an Stiúrthóir, is tógáil pobail atá ar siúl. Ó chuaigh an tAth. Pádraig Ó Fiannachta i mbun an chomórtais, chuir sé slacht nua air, mhéadaigh na hiarratais agus na duaiseanna agus bronnfar an trófaí ar Iarthar Bhéal Feirste Dé Domhnaigh.

Ghlacfadh sé léacht eile chun cur síos a dhéanamh ar a bhfuil déanta ag an tAth. Pádraig faoi choimirce Chumann na Sagart: na foilseacháin go léir a mbíonn lipéad *An Sagart* orthu idir an leabhar Aifrinn agus an Leicseanáir, Clár na Lsí Gaeilge i Maigh Nuad (8 n-imleabhar), Leachtaí Cholm Cille (17 n-imleabhar), leabhair urnaithe mar *Gairdín an Anama* agus go leor foilseachán eile, Tionól na Cásca agus Seimineár Bliantúil, an Ollscoil Scairte agus Ollscoil an Phobail, na tionóil speisialta ar an Diagacht, an Ceol Eaglasta, An Ghaeilge san Eaglais, na tionóil rialta de réir cúigí chun Glór na nGael a chur ar aghaidh, stiúrthóireacht ar Bhrú na Gráige agus Comóradh

an Ath. Tadhg Ó Murchú, agus míle rud eile ar a laghad. Sea, is mó de bheathaisnéis ná de stair a bheas sa chaibidil is deireanaí de Stair Chumann na Sagart agus ar an ábhar sin tá mé buíoch nach ormsa a thiteann sé é a chur le chéile. Guím fad saoil agus sláinte dó mar Eagarthóir *An Sagart* agus mar Stiúrthóir Ghlór na nGael, don Uachtarán agus do na hOifigigh eile agus do bhaill uile an Chumainn san am atá romhainn.

## *Aguisín*

### *Oifigigh Chumann na Sagart*

(A) *Uachtaráin*

| | |
|---|---|
| 1916 – 20 | An tAth. Tomás de Bhál (Luimneach) |
| 1920 – * | An tAth. Risteard Pléimionn (Baile Átha Cliath) |
| 1937 – 41* | An tAth. Pádraig de Brún (Maigh Nuad) |
| 1941 – 42* | An tAth. Donnchadh Ó Floinn (Maigh Nuad) |
| 1942 – 55 | An tAth. Aindrias Mac Aogáin, C.S.Sp. |
| 1955 – 67 | An tAth. Tomás Ó Fiaich (Ard Mhacha) |
| 1967 – 69 | An tAth. Máirtín Ó Braonáin, S.Í. |
| 1969 – 71 | An tAth. Maolmhaodhóg Ó Ruairc (Ard Mhacha) |
| 1971 – 74 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1974 – 79 | An tAth. Cathal Ó Gibealláin, O.F.M. |
| 1979 – 83 | An tAth. Máirtín Mac Conmara, M.S.C. |
| 1983 – 86 | An tAth. Tomás Mac Aoidh (Cluain Fearta) |
| 1986 – 92 | An tAth. Tadhg Furlong (Caiseal) |
| 1992 – 96 | An tAth. Clement Mac Mánuis, C.Ss.R. |
| 1996 – 99 | An tAth. Leon Ó Móracháin (Tuaim) |
| 1999 – 2004 | An tAth. Pádraig Ó Croiligh (Árd Mhacha) |
| 2004 – 2010 | An tAth. Tadhg Ó Móráin (Tuaim) |
| 2010 – . | An tAth. Séamus Ó hÉanaigh (An Mhí) |

## (B) Rúnaithe

| | |
|---|---|
| 1916 – 19 | An tAth. Séamus Mac Leanacháin (Dún agus Coinnire) |
| 1919 – * | An tAth. Uaitéir Mac Domhnaill (Baile Átha Cliath) |
| 1937 – * | An tAth. Liam Ó Fearghusa (Ciarraí) |
| 1941 – 42* | An tAth. Criostóir Ó Laoi (Caiseal) |
| 1942 – 52* | An tAth. Pádraig Ó Maolfhabhail (Baile Átha Cliath) |
| 1953 – 54 | An tAth. Tomás Ó Fiaich (Ard Mhacha) |
| 1954 – 61 | An tAth. Eoghan Ó Fríghil (Ráth Bhoth) |
| 1961 – 67 | An tAth. Caoimhín de Líon (Baile Átha Cliath) *(Rúnaí cúnta ó 1959 ar aghaidh)* |
| 1967 – 68 | An tAth. Cathal Ó Háinle (Ardachadh) |
| 1969 – 71 | An tAth. Pádraig Ó Héalaithe (Ciarraí) |
| 1971 – 74 | An tAth. Micheál Mac Gréil, S.Í. |
| 1974 – 75 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1975 – 80 | An tAth. Pádraig Ó Héalaithe (Ciarraí) |
| 1980 – 86 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1986 – 89 | An tAth. Seosamh Ó Beaglaoi (Ciarraí) |
| 1989 – 90 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1990 – 92 | An tSr. Córa Ní Ghamhna, O.P. |
| 1992 – 94 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1994 – 96 | An tAth. Brian Mac Cuarta, S.Í. |
| 1992 – 94 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1996 – 2000 | An tAth. Micheál Ó Flannabhra (Tuaim) |
| 2000 – 2014 | An tAth. Tadhg Furlong (Caiseal) |
| 2014 – | An tAth. Brian Ó Fearraigh (Ráth Bhoth) |

*Eagarthóirí "An Sagart"*

| | |
|---|---|
| 1958 – 63 | An tAth. Colmán Ó Huallacháin, O.F.M. agus An tAth. Tomás Ó Fiaich (Ard Mhacha) |
| 1964 – 73 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1974 – 77 | An tAth.Cathal Ó Háinle (Ardachadh) |
| 1978 – 2016 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |

*Stiúrthóirí Ghlór na nGael*

| | |
|---|---|
| 1962 – 72 | An tAth. Tomás Ó Fiaich (Ard Mhacha) |
| 1972 – 80 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |
| 1980 – 84 | An Br. Doiminic Ó Rodaigh, S.M. |
| 1984 – 88 | An tAth. Pádraig Ó Fiannachta (Ciarraí) |

Nóta: í gcás na hainmneacha go bhfuil * curtha leo nilímid iomlán cinnte faoi na hoifigigh do na blianta sin mar nach bhfuil cúntas scríofa againn faoi imeachtaí an Chumainn do na blianta sin.